4. Ordaítear do Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide (Eismea) na costais a íoc.

(1) IO C 297, 07.09.2020.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 13 Iúil 2022 — Delifruit v an Coimisiún**

**(Cás T-629/20)** (1)

***(Táirgí cosanta plandaí – Substaint ghníomhach clóirpireafos – Uasleibhéil d'iarmhair clóirpireafos i mbananaí nó ar bhananaí a chinneadh – Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 – Eolas eolaíoch agus teicniúil ar fáil – Tosca dlisteanacha eile)***

(2022/C 359/76)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Delifruit, SA (Guayaquil, Eacuadór) (ionadaithe: K. Van Maldegem, P. Sellar agus S. Abdel-Qader, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* (An Coimisiún Eorpach, (ionadaithe: F. Castilla Contreras, A. Dawes agus M. ter Haar, i gcáil Gníomhairí)

**Ábhar:**

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, Delifruit, SA, go ndéanfar Rialachán (AE) 2020/1085 ón gCoimisiún an 23 Iúil 2020 lena leasaítear Iarscríbhinní II agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le huasleibhéil d'iarmhair clóirpireafos agus clóirpireafos-meitile i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe (IO 2020 L 239, lch. 7, Ceartúchán IO 2020 L 245, lch. 31) ("an Rialachán a chonspóidtear") a neamhniú go páirteach, a mhéid a shocraítear uasleibhéal na n-iarmhar ("MRL") le haghaidh clóirpireafos i mbananaí nó ar bhananaí ag 0.01 mg/kg.

**An chuid oibríochtúil**

1) Déantar an chaingean a dhíbhe.

2) Ordaítear do Delifruit, SA na costais a íoc.

(1) IO C 433, 14.12.2020.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 13 Iúil 2022 – Standard International Management v EUIPO – Asia Standard Management Services (The Standard)**

**(Cás T-768/20)** (1)

***[Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí cúlghairme – Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh The Standard – Dearbhú cúlghairme – Áit úsáide an trádmhairc – Fógraí agus tairiscintí ar díol le tomhaltóirí an Aontais – Airteagal 58(1)(a) de Rialachán (AE) 2017/1001]***

(2022/C 359/77)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Standard International Management LLC (Nua-Eabhrac, Nua-Eabhrac, na Stáit Aontaithe) (ionadaithe: M. Edenborough, QC, S. Wickenden, Barrister, agus M. Maier, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: D. Gája, i gcáil Gníomhaire)

*Páirtithe eile sna himeachtaí os comhair Bhord Achomhairc EUIPO:* Asia Standard Management Services Ltd (Hong Cong, an tSín)

**Ábhar**

Trína chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí ar neamhní cinneadh an chúigiú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 27 Samhain 2020 (Cás R 828/2020-5).

**An chuid oibríochtúil**

1) Cuirtear cinneadh an chúigiú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 27 Samhain 2020 (Cás R 828/2020-5) ar neamhní maidir le seirbhísí a thagann faoi réim aicmí 38, 39, 41, 43 agus 44.

2) Íocfaidh EUIPO a chostais féin, agus na costais arna dtabhú ag Standard International Management LLC, na costais arna dtabhú sna himeachtaí achomhairc san áireamh.

---

(1) IO C 62, 22.2.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 13 Iúil 2022 – Gugler France v EUIPO – Gugler (GUGLER)**

**(Cás T-147/21)** (1)

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí neamhbhailíochta – Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh GUGLER – Cúiseanna le neamhbhailíocht iomlán – Gan aon mheon mímhacánta – Airteagal 51(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 40/94 (anois Airteagal 59(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001))***

(2022/C 359/78)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Gugler France (Auxons, an Fhrainc) (ionadaí: A. Grolée, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: J. Crespo Carrillo, i gcáil Gníomhaire)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair Bhord Achomhairc EUIPO, ag idiragairt os comhair na Cúirte Ginearálta:* Alexander Gugler (Maxdorf, an Ghearmáin) (ionadaí: M. C. Simon, Dlíodóir)

**Ábhar:**

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfar an chinneadh ón gcúigiú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 9 Nollaig 2020 a neamhniú (Cás R 893/2020-5).

**An chuid oibríochtúil**

1) Déantar an chaingean a dhíbhe.

2) Ordaítear do Gugler France na costais a íoc.

---

(1) IO C 163, 3.5.2021.